

# Beartas maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna

the arts council
an chomhairle ealaíon

Beartas agus Plean Forfheidhmithe

# 1. Fís

An fhís atá againn ná Éire ina léirítear luach agus meas ar na cleachtais chruthaitheacha Taibhiú Sráide agus Seónna agus ina gcothaítear iad, lena chur ar a gcumas do gach saoránach in Éirinn páirt a ghlacadh in eispéiris fhiúntacha, chlaochlaitheacha a spreagann coimeádaíocht insintí athnuaite ar áit agus ar an mbaile, agus ag an am céanna todhchaí aislingeach a thógáil dá phobal.



**Austin Grubb le 'Alchemy Arts' in 'The Collector', Féile Ealaíon Sráide Idirnáisiúnta Spraoi, Cathair Phort Láirge, 2020**
Grianghrafadóir: Patrick Browne

# 2. Próiseas Forbartha an Bheartais



Baineadh úsáid as raon modhanna chun an beartas seo a fhorbairt, ina measc cur chuige comhairliúcháin ina ndearnadh teagmháil ghníomhach leis an earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
Áiríodh na nithe a leanas ar an bpróiseas:

- Taighde deisce
  - Anailís ar shonraí faoi lucht féachana
  - Athbhreithniú ar infheistíocht stairiúil
  - Comparáid le beartas idirnáisiúnta
- Aighneachtaí i Scríbhinn
- Suirbhé ar an earnáil
- Fócasghrúpaí earnála
- Agallaimh le páirtithe leasmhara agus speisialtóirí (náisiúnta agus idirnáisiúnta)

Ina theannta sin, tá an beartas seo bunaithe ar an eolas go léiríonn Taibhiú Sráide agus Seónna cleachtas ealaíonta ildisciplíneach agus go bhfuil sé nasctha le roinnt de réimsí tosaíochta straitéiseacha na Comhairle Ealaíon.

Dá bhrí sin, tionóladh comhairliúcháin inmheánacha le foirne na Rannóige Ealaíon agus le foirne na Rannóige Forbartha Straitéisí inar sainaithníodh tosaíochtaí eagraíochtúla comhroinnte, lena n áirítear:

**Amharclannaíocht**

**Camchuairteanna**

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**

**Damhsa**

**Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga**

**Féilte**

**Gníomhú ar son na hAeráide agus comhthéacs Digiteach**

**Ionaid Ealaíon**

**Luach Saothair don Ealaíontóir**

**Na hAmharc-ealaíona**

**Na hEalaíona Áitiúla, Áite agus Poiblí**

**Na hEalaíona Idirnáisiúnta**

**Pleanáil Spásúlachta**

**Rannpháirtíocht sna hEalaíona**

**Sorcas**



**Gulliver, Macnas, Trá Chnocán Doirinne, Baile Átha Cliath, 1988**
Grianghrafadóir Jack McManus

# 3. Cúlra agus Comhthéacs

Tá an Beartas seo maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna ag teacht le Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh - Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016–2025), Straitéis 10 mbliana na Comhairle Ealaíon do na healaíona in Éirinn.

Tá an earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna in Éirinn comhdhéanta d'ealaíontóirí aonair, cuideachtaí léiriúcháin, eagraíochtaí acmhainne agus féilte. Tá na grúpaí sin tiomnaithe d'eispéiris ealaíon inrochtana, spéisiúla agus fhóinteacha a chruthú do phobal na hÉireann.

Tá cuid de na figiúirí rannpháirtíochta is airde ag Taibhiú Sráide agus Seónna maidir le lucht féachana, de réir mar a shonraítear sa Suirbhé bliantúil Léargais ar na hEalaíona 2023.[1] Is minic a chuirtear an saothar seo i láthair laistigh de phobail i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus mar chuid de chláir féilte réigiúnacha.




**The Diceman, (Tom McGinty), Mona McGinty, 1986 - Cathair Bhaile Átha Cliath**
Grianghrafadóir: Derek Speirs

[Ba é bua McGinty] a lucht éisteachta a mhealladh... iad a tharraingt amach as a gcinntí broidiúla agus a thabhairt isteach sa tír iomlán suaimhneach sin, áit a bhfuil aislingí iontacha chomh coitianta le bonnóga siúcra Bewley's".

Brendan Kennelly

**1** https://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Suirbhe-naisiunta-ar-an-bpobal(1)/

Le cleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna, cruthaítear deiseanna do cheiliúradh agus cruthú cuimhní i gcomhargrhúpa. Is deis iad na gníomhaíochtaí sin do phobail a scéalta féin a choimeád agus todhchaí aislingeach a thógáil. Le Taibhiú Sráide agus Seónna, cuirtear deis uathúil ar fáil do lucht féachana agus do rannpháirtithe chun comhfhorbairt áite a dhéanamh, an insint ar an mbaile a shainmhíniú agus muintearas a chothú. Cuireann siad spás inrochtana ar fáil do dhaoine chun eispéiris a roinnt, dlúthchaidreamh a mhothú agus an lóchrann a thabhairt don chéad ghlúin eile.

Ina theannta sin, féadfaidh na réimsí cleachtais sin daoine a thabhairt le chéile chun dul i ngleic le dúshláin phobail chomhroinnte agus ardán a chur ar fáil chun saincheisteanna a fhiosrú agus fadhbanna áitiúla a scrúdú.

Ó thaobh bheartas agus straitéis na Comhairle Ealaíon de, pléadh le Taibhiú Sráide agus Seónna in éineacht le Sorcas, mar aitheantas ar na trasnaisc choitianta atá ag an dá réimse cleachtais sin. I bhfianaise an fás as cuimse atá tagtha ar chleachtais Sorcais in Éirinn le bliana beaga anuas, áfach, agus an fás atá tagtha ar chleachtas gairmiúil i dTaibhiú Sráide agus Seónna, tá gá anois le beartais thiomnaithe do gach ceann den dá réimse sin.

Léiríonn machnamh ar chuir chuige stairiúla idirnáisiúnta an fhéidearthacht ollmhór a bhaineann le hinfheistiú straitéiseach san fhoirm ealaíne Taibhiú Sráide agus Seónna. Féadfaidh sin deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach sna healaíona atá inrochtana do lucht féachana leathan agus éagsúil.



**An Streoillín | 'The Seven Sisters', LUXE, Féile Ealaíon Cairde, Inis Uí Mhaolchluiche, Sligeach, 2023**
Grianghrafadóir: Emilija Jefremova

Go dtí seo, tagraíonn an Chomhairle Ealaíon don dá fhoirm ealaíne sin mar 'Ealaíona Sráide' agus 'Seónna'.

Moladh amháin sa bheartas seo is ea na hainmneacha sin a athrú go dtí 'Taibhiú Sráide agus Seónna'.

Leis an athainmniú sin, cabhrófar le próifíl níos airde agus tacaíocht níos fearr a thabhairt don fhoirm ealaíne agus don chleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna, agus leanfar d'fhoirm ealaíne ghairmiúil agus aitheanta a dhéanamh díobh. Cabhróidh an t athainmniú sin le laghdú a chur ar an mearbhall atá ann idir iad agus an réimse cleachtais seanbhunaithe 'Ealaín Sráide' freisin (is é sin, ealaín mhúrphictiúir, graifítí), ar foirm ealaíne í atá luachmhar inti féin do lucht féachana na hÉireann agus a bhfuil ról suntasach aici i saol na hÉireann agus san Ealaín don Phobal.[2]

**Sainmhínithe[3]**

Bíonn **Taibhiú Sráide** ag tagairt do thaibhithe amuigh faoin aer, go hiondúil ar shráid, i spás poiblí nó i gcomhthéacs a fhreagraíonn don suíomh, agus de ghnáth cuirtear i láthair iad saor in aisce. D'fhéadfadh sorcas, seó, amharclannaíocht, draíodóireacht, coiméide, puipéadóireacht nó damhsa a bheith san áireamh. D'fhéadfadh Taibhiú Sráide foirm thaispeántas siúil, seó ciorcail nó tobsheó idirghníomhaíochta a ghlacadh a thagann aniar aduaidh ar an lucht féachana agus a théann i ngleic leo agus iad ag dul i mbun a saoil laethúil.

Bíonn **Seónna** ag tagairt do thaibhiú feiceálach, a tharlaíonn amuigh faoin aer go hiondúil i gcomhthéacs féile nó paráide, agus san áireamh go minic bíonn flótaí, drámaí tóstail, struchtúir ar scála mór, puipéadóireacht, taibhiú promanáide agus ensemble grúpa a bhfuil téama ag baint leis agus a chomhcheanglaíonn feisteas, damhsa, amharclannaíocht, drámaíocht, agus ceol le téama.

**2** Aithnítear go mbaineann daoine aonair, cuideachtaí léiriúcháin agus eagraíochtaí acmhainne a chleachtann in Éirinn úsáid inmhalartaithe as na téarmaí Ealaíona Sráide, Seónna, Amharclannaíocht Sráide agus Taibhiú Sráide chun cur síos a dhéanamh ar a saothar. Leanfar d'aitheantas a thabhairt dóibh sin mar chuid den earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna, beag beann ar an téarma a roghnaíonn siad a úsáid.

**3** Chomhaontaigh cleachtóirí earnála na sainmhínithe thuas trí shuirbhé saindírithe ina raibh os cionn 80% de na freagróirí ar aon intinn. Dearadh iad chun tacú le tuiscint chomhroinnte ar na réimsí cleachtais atá ag Taibhiú Sráide agus Seónna, cé go dtuigtear go bhféadfaidh cleachtas ealaíontóirí nó compántais imeacht ó na sainmhínithe sin.

# 3.1 Cleachtas Ildisciplíneach

Is cleachtas de chineál ildisciplíneach go bunúsach é Taibhiú Sráide agus Seónna agus tá forluí idir é agus réimsí eile foirme ealaíne de chuid na Comhairle Ealaíon.

Tá tosaíochtaí agus cuspóirí ábhartha beartais a bhaineann le foirmeacha ealaíne eile comhtháite sa bheartas seo. Déanfar eolas agus acmhainní a forbraíodh agus an beartas seo á chruthú a chomhroinnt laistigh den Chomhairle Ealaíon chun ár gcomhspriocanna eagraíochtúla, mar atá leagtha amach i Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh agus i mbeartais straitéiseacha chomhlántacha, a bhaint amach.

Déanfar saineolas faoi mheasúnú ar chaighdeán ealaíonta a chomhroinnt trí mheasúnuithe tánaisteacha ar fud foirmeacha ealaíne i gcásanna ina mbeidh gnéithe soiléire ildisciplíneacha i ngníomhaíochtaí beartaithe Taibhiú Sráide agus Seónna a mbeidh measúnú á dhéanamh orthu.

### Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Mar a leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe i bpointe 5.1, is iomaí tosaíocht chomhroinnte agus deis forbartha atá ann idir Taibhiú Sráide agus Seónna agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona.

Mar shampla, leibhéil níos fearr de rannpháirtíocht phoiblí ag pobail éagsúla agus deiseanna don chomhchruthú. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do thuiscint mhaith ar chomhthéacs agus ar thosaíochtaí an réimse chleachtais Rannpháirtíocht sna hEalaíona a chinntiú, agus ailíniú leo, agus sinn ag féachaint le tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa chleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna.

### Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga

Is é an fhís atá ag an gComhairle Ealaíon ná Éire ina léirítear meas ar an gceart atá ag leanaí agus daoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona agus ina gcothaítear an ceart sin sna háiteanna a bhfuil cónaí orthu, a bhfuil siad ag fás agus ag foghlaim. Ba cheart go mbeadh tionchar fiúntach agus claochlaitheach ag na healaíona ar a saol. Cuimsítear an fhís sin sa bheartas seo, go háirithe agus príomhshineirgí á gcur san áireamh, mar shampla:

- Rannpháirtíocht sna healaíona
- Cruthú/comhchruthú ach mar lucht féachana freisin
- An ceart atá ag daoine óga chun páirt a ghlacadh sna healaíona

### Sorcas

Cé gur scaradh Taibhiú Sráide agus Seónna ó Shorcas ó thaobh an bheartais de, tá roinnt mhaith trasnasc ag an dá réimse cleachtais.

Is minic a bhíonn gnéithe Sorcais sa Taibhiú Sráide, go háirithe i seónna ciorcail buscála traidisiúnta. Bíonn siúl ar chosa croise, cleasghleacaíocht, amharclannaíocht fhisiciúil, damhsa aerga agus ionramháil tine mar chuid de sheónna promanáide go rialta.

### Damhsa

Cuirtear damhsa i láthair i gcomhthéacs sráide nó faoin aer go minic, agus tá léiriú ealaíonta comhroinnte soiléir idir Taibhiú Sráide agus Seónna agus Damhsa.

Ina theannta sin, bíonn cóiréagrafaíocht mar chuid de shaothar ensemble Seónna agus de shaothar promanáide go minic.

### Féilte

Tá ról lárnach ag féilte san éiceachóras Taibhiú Sráide agus Seónna trí ardáin a chur ar fáil le gur féidir saothar a chur i láthair cineálacha lucht féachana réigiúnacha ar fud na tíre.

Tá tosaíochtaí soiléire comhroinnte sna réimsí rannpháirtíocht an phobail agus forbairt acmhainne.

Fiosrófar oibriú i gcomhpháirtíocht ar thionscnaimh chun na réimsí sin a fhorbairt, chomh maith le tuilleadh deiseanna do chónaitheachtaí le haghaidh féilte chun tacú le saothar nua Taibhiú Sráide agus Seónna a chruthú.

## Amharclannaíocht

Sainaithníonn roinnt mhaith ealaíontóirí agus eagraíochtaí Taibhiú Sráide a saothar mar Amharclannaíocht Sráide mar gheall ar na snáitheanna insinte agus na carachtair a bhíonn ina gcleachtas go minic. Is minic a bhíonn comhairleoireacht amharclainne mar chuid den phróiseas sa chleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna freisin.

Is tábhachtach a chinntiú go bhfuil an comhoibriú sin de chineál suntasach chun tacú le cuir i láthair ardchaighdeáin don lucht féachana.

## Amharc-ealaíona

Aithnítear go bhféadfaidh cúlra sna hamharc-ealaíona a bheith ag roinnt mhaith déantóirí Seónna. Ba cheart comhroinnt saineolais agus eolais idir foirmeacha ealaíne a spreagadh agus measúnú á dhéanamh ar iarratais a léiríonn é sin.

Is gá conairí dul chun cinn le haghaidh déantóirí Seónna a fhiosrú chun tacú le conairí gairme inbhuanaithe agus chun déantóirí nua a chothú don earnáil.

# 4. Ráiteas Beartais

Is cleachtas taibhitheach ildisciplíneach é Taibhiú Sráide agus Seónna a mbíonn lucht féachana, rannpháirtithe agus ealaíontóirí éagsúla ar fud na tíre rannpháirteach go forleathan ann.

Leis an mBeartas seo maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, féachtar le haitheantas a thabhairt don luach agus don tábhacht ar leith a bhaineann leis na foirmeacha ealaíne seo. Tá sé d’aidhm aige freisin an fhéidearthacht maidir le rannpháirtíocht fhiúntach, ardchaighdeáin leis na healaíona a chuireann na foirmeacha ealaíne seo ar fáil do shochaí uile na hÉireann a léiriú.

Tá sé d’aidhm ag an mbeartas seo treoir a thabhairt d’fhás na hearnála seo atá ag teacht chun cinn agus earnáil ghairmiúil a dhéanamh di laistigh den chreat uileghabhálach a chuirtear ar fáil i straitéis na Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh.




**‘The Parade of Innocence’, Droichead Uí Chonaill, Cathair Bhaile Átha Cliath, 1989**
Grianghrafadóir: Derek Speirs

# 5. Raon Feidhme an Bheartais

Tá straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, mar bhonn eolais don Bheartas seo maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna.

Tógann sé ar na cúig cholún uile atá sa straitéis sin le béim ar leith ar An Ealaíontóir, Rannpháirtíocht an Phobail, Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach agus Forbairt Acmhainne.



**'Venous Returns', Kate Finnegan, An Iarsmalann Náisiúnta, Cathair Bhaile Átha Cliath**
Grianghrafadóir: Laura Sheeran

# 5.1 Rannpháirtíocht an Phobail

Is féidir rannpháirtíocht an phobail laistigh de Thaibhiú Sráide agus Seónna a scaradh ina dhá réimse ar leithligh:

- Rannpháirtíocht an luchta féachana trí shaothar taibhitheach a chur i láthair ar fud na hÉireann
- Rannpháirtíocht an luchta féachana trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar fud na hÉireann  in community-based activities across Ireland



**'To the Water & The Wild', Féile Ealaíon Sráide Idirnáisiúnta Spraoi, Cathair Phort Láirge, 2014**
Grianghrafadóir: Eadaoin Murphy

## Rannpháirtíocht an Luchta Féachana

Léiríonn torthaí ón Suirbhé Náisiúnta maidir le Rannpháirteachas sna hEalaíona le blianta beaga anuas go mbíonn na figiúirí is airde ó thaobh rannpháirtíocht an luchta féachana ag Taibhiú Sráide agus Seónna as measc na ngníomhaíochtaí uile a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon.[4]

Ina theannta sin, tugann anailís tosaigh ar shamplaí le tuiscint go meallann Taibhiú Sráide agus Seónna nach gá ticéad a cheannach dó lucht féachana uathúil ilghnéitheach ina mbíonn éagsúlacht mhór ó thaobh inscne agus ionadaíocht shocheacnamaíoch de. Ós rud é go bhfuil na tacair sonraí reatha teoranta, áfach, tá cuid mhaith le foghlaim ó anailís níos doimhne, agus is príomh-thosaíocht den bheartas seo é tuilleadh fiosraithe a dhéanamh air sin.

Furthermore, while audience attendance are high, participation in these art forms does not rank as high in the findings. A priority focus on increased participation in Street Arts & Spectacle practice holds immense potential for enriching engagement with the arts in communities across Ireland.



**'Baba Yaga', Macnas, Féile Bram Stoker, Cathair Bhaile Átha Cliath**
Grianghrafadóir: Allen Keily

**4** https://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Suirbhe-naisiunta-ar-an-bpobal(1)/

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon roinnt trasnasc idir na réimsí foirmeacha ealaíne Taibhiú Sráide agus Seónna agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona. Go sonrach, déanann an dá cheann iarracht mhór chun a chinntiú go mbeidh deiseanna cothroma agus acmhainní leordhóthanacha ann le go bhféadfaidh gach duine a chónaíonn in Éirinn leas a bhaint as an gceart chun na healaíona a chruthú, taitneamh a bhaint astu agus a bheith páirteach iontu.

Mar gheall ar chineál an Taibhiú Sráide agus Seónna, is éasca don phobal a bheith rannpháirteach iontu. Tarlaíonn Taibhiú Sráide agus Seónna i dtimpeallachtaí poiblí agus saor in aisce, go hiondúil, agus meallann siad codanna éagsúla de phobail go nádúrtha, rud a chruthaíonn féidearthacht mhór do rannpháirtíocht an phobail.

Tá sé sin ag teacht le tosaíochtaí do Rannpháirtíocht sna hEalaíona chun deiseanna a chruthú do thuilleadh rannpháirtíochta sna healaíona i measc an phobail, chun an dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le forbairt lucht féachana agus rannpháirtíocht an phobail, agus chun tacú le cleachtais amaitéaracha agus dheonacha agus iad a spreagadh.



**'LifeLine', Sorcas Pobail na Gaillimhe, Imchuach an Chladaigh, Cathair na Gaillimhe, 2022**
Grianghrafadóir: Darrach Photography

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona (Ar lean)

Tá réimse breise trasnaisc ag baint le réimsí comhchruthaithe. Áirítear anseo modheolaíochtaí rannpháirtíochta a chruthaíonn deiseanna do phobail chun dul i ngleic le togra ealaíonta. Baineann rannpháirtíocht mhéadaithe le tacú le deiseanna do phobail agus d'ealaíontóirí chun tionscadail a fhorbairt go gníomhach, ón smaoineamh go dtí an cur i gcrích.

Tá trasnasc féideartha eile ann i ndáil le ceangal le réimsí tosaíochta ó thaobh an chomhthéacs de, mar shampla na hEalaíona agus an tSláinte, na hEalaíona agus Daoine Breacaosta, na hEalaíona agus Míchumas agus Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chaidreamh le healaíontóirí agus pobail agus/nó trí théamaí atá nasctha leis na réimsí fócais sin.

Leis an mbeartas seo, tugtar tosaíocht do chóimheascadh na gcleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona. Tá sé d'aidhm aige a chinntiú go ndéanfar tosaíochtaí agus cuspóirí bheartas na foirme ealaíne Rannpháirtíocht sna hEalaíona a chomhtháthú, chomh maith le heolas agus acmhainní a chomhroinnt chun spriocanna na Comhairle Ealaíon, mar atá leagtha amach i Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh agus i mbeartais straitéiseacha chomhlántacha, a bhaint amach.



**'Strange Creatures', Inishowen Carnival Group, Páirc Baile Leitir Ceanainn, Dún na nGall, 2023**
Grianghrafadóir: Donna El Assaad

# 5.2 An tEalaíontóir

Tá na healaíontóirí agus cleachtóirí a fhaigheann inspioráid chun saothar siamsúil agus spéisiúil a chruthú don lucht féachana ag croílár shaothar an Taibhithe Sráide agus Seónna. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon luach ealaíonta an chleachtais Taibhiú Sráide agus Seónna agus an ceart atá ag ealaíontóirí chun pá maireachtála a fháil agus gairm bheatha inbhuanaithe ar feadh an tsaoil a bheith acu.

Trí chomhairliúchán a dhéanamh, sainaithníodh pá mar phríomhréimse tosaíochta don earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna. Tá gealltanas comhroinnte sa bheartas seo maidir leis na luachanna a leagtar amach i mbeartas na Comhairle Ealaíon, Luach Saothair don Ealaíontóir.[5]

Tá meas ag an gComhairle Ealaíon ar gach ealaíontóir: tá meas againn ar an saothar a chruthaíonn ealaíontóirí, agus ar an mbealach a rannchuidíonn siad le saol cultúrtha an náisiúin agus ar an mbealach a ndéanann siad ionadaíocht air go hidirnáisiúnta. Ní mór léiriú níos fearr a thabhairt ar an meas sin sa bhealach a íocaimid ealaíontóirí i ngach earnáil, lena n áirítear ealaíontóirí agus cleachtóirí gairmiúla san earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna.

Is gné riachtanach d'éiceolaíocht shláintiúil ealaíon é cumas ealaíontóirí gairmeacha beatha inmharthana a choimeád laistigh den disciplín atá roghnaithe acu. Faoin mbeartas seo, moltar rannpháirtíocht i ndeiseanna breise d'obair ealaíonta (e.g., deiseanna do Chomhlaigh Chruthaitheacha i Scoileanna Ildánacha[6]).

Is tosaíocht den bheartas seo freisin é gairmeacha beatha inbhuanaithe a fhorbairt do chleachtóirí óga agus do chleachtóirí atá ag teacht chun cinn. Áirítear air sin conairí foirmiúla oideachais a mhapáil agus rannpháirtíocht na hearnála i gcláir mhaoinithe atá ann cheana féin chun tacú leis sin a spreagadh (e.g., Dámhachtain Sparánachta Ealaíon do Leanaí agus Daoine Óga).

Is gá go leanfar ar aghaidh ag tabhairt na tosaíochta céanna don fháil ar mhaoiniú trí dhámhachtainí chun tacú le healaíontóirí aonair (mar shampla Sparánachtaí agus Dámhachtainí Lúfaireachta), in éineacht le maoiniú Dámhachtana Tionscadail.



**Aisling Ní Cheallaigh agus Ronan Brady in Sub Rosa, Féile Ealaíon Cheatharlach, Ceatharlach**
Grianghrafadóir: Allen Kiely

**5** https://www.artscouncil.ie/ga/Luach-Saothair-don-Eala%c3%adont%c3%b3ir/
**6** https://www.artscouncil.ie/ga/deiseanna-comhphairtithe-cruthaitheacha/

# 5.3 Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

Sloinntear i mbeartas spásúlachta na Comhairle Ealaíon, Áit, Spás agus Daoine[7]:

'We believe this policy is essentially about the people we serve and the places they live in, work in, engage with, and come together as communities in, to enjoy fulfilling creative growth and development.'

Is iad dhá chomhpháirt riachtanacha an bheartais ná:

- breis béime a chur ar chur chuige bunaithe ar dhaoine agus ar áiteanna
- iarracht chun cothromas sochspásúil a chinntiú inár dtacaíochtaí agus obair forbartha

Aithníonn an dá rud sin an gá le cuir chuige agus idirghabhálacha éagsúla in áiteanna éagsúla a fhreagraíonn do riachtanais shonracha na n áiteanna sin.

Cé go dtarlaíonn saothar Taibhiú Sráide agus Seónna i gcathracha agus i mbailte móra den chuid is mó, tá cumas uathúil aige taisteal ó áit go háit agus a bheith deartha ar bhealach a bhaineann go sonrach leis an suíomh. Bíonn cur chuige daonlathach áitiúil i gceist leis freisin go minic, lena n áirítear pobail a bhfuil próisis ealaíonta ar bun acu chun insintí a chruthú le spreagadh óna mbaile.

Tá acmhainn ar leith ann chun príomhchuspóirí bheartas spásúlachta na Comhairle Ealaíon a bhaint amach laistigh de Thaibhiú Sráide agus Seónna, rud a chinntíonn rochtain chothrom agus shocheacnamaíoch ar lucht féachana fad a ligtear do phobail nua a bheith rannpháirteach ann.

Tugtar tosaíocht sa bheartas seo do ghníomhaíochtaí camchuairte agus do chritéir spásúlachta a chur san áireamh inár measúnuithe ar cháir mhaoinithe, lena chinntiú go mbeidh áiteanna agus pobail nach ndéantar rochtain orthu go traidisiúnta in ann leas a bhaint as deiseanna nua le bheith rannpháirteach i dTaibhiú Sráide agus Seónna ardchaighdeáin.

7 https://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/Na-healaiona-aitiula/ait-Spas-_-Daoine/



**'Ballheads' le Tom Cambell, Féile Sorcais Náisiúnta na hÉireann 2015 – Trá Lí, Co. Chiarraí**
Grianghrafadóir: Paul Woods Perrylane



**'Giant Grandmother', Royal De LUXE, Cathair Chultúir Luimnigh, 2014**
Grianghrafadóir: Dolf Patijn

# 5.4 Acmhainn a Fhorbairt

Chun leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt den chleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna a fhás agus d'earnáil ghairmiúil a dhéanamh di, is ríthábhachtach é earnáil láidir agus athléimneach a fhorbairt, ina mbeidh dea-rialachas agus caighdeáin cleachtais ghairmiúil.

Tugann tosaíochtaí comhroinnte idir foirmeacha ealaíne le tuiscint go bhfuil gá ann le hoiliúint agus comhroinnt acmhainní níos fearr sna réimsí bainistiú gnó, rialachas agus acmhainn léiriúcháin don earnáil. Leanfar ar aghaidh ag díriú ar na réimsí sin a fhorbairt trí chur chuige comhoibríoch idir foirmeacha ealaíne.

Réimse tosaíochta don earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna is ea an gá le tacaíocht a thabhairt d'éabhlóid léiritheoirí in earnálacha sonracha a bhfuil an acmhainn agus an taithí acu chun tacú le fís na hearnála maidir le saothar ardchaighdeáin agus spéisiúil a léiriú don lucht féachana ar fud na hÉireann.

Aithnítear sa bheartas seo gur páirtithe leasmhara tábhachtacha iad Údaráis Áitiúla maidir le saothar Taibhiú Sráide agus Seónna a chur i láthair. Ach comhroinnt eolais agus smaointe cruthaitheacha a éascú go rialta leis na páirtithe leasmhara sin, beidh tionchar mór ar an lucht féachana agus ar rannpháirtithe. Moltar níos mó caidreamh leanúnach a dhéanamh le húdaráis áitiúla faoin bhféidearthacht a bhaineann le Taibhiú Sráide agus Seónna a chur i láthair i limistéir réigiúnacha agus rannpháirtíocht iontu.

Aithnítear go bhfuil féidearthachtaí nach bhfuil leas á bhaint astu ag Ionaid Ealaíon don earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna. Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt acmhainne san earnáil trí thionscnaimh a ardaíonn feasacht faoi thionchar féideartha an tsaothair seo ar lucht féachana agus faoin ról a fhéadfaidh Ionaid Ealaíon a imirt.

Ina theannta sin, trí thacú le níos mó deiseanna do chónaitheacht le haghaidh féilte chun saothar nua a chothú, cinnteofar go gcuirfear saothar nua faoi bhráid lucht féachana.

Áiríodh ar dhúshláin eile a sainaithníodh easpa shuntasach déantóirí nua ag dul isteach san earnáil Seónna, chomh maith le heaspa léirithe nua Taibhiú Sráide lena gcláreagrú.



**'Seeds', Siolta Circus, Féile Sorcais Náisiúnta na hÉireann, Trá Lí, Co. Chiarraí, 2018**
Grianghrafadóir: Josh Roxby

# 5.5 Tosaíochtaí Straitéiseacha Beartais eile

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Sloinntear i mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta na Comhairle Ealaíon go creidimid go láidir go bhfuil an ceart ag gach duine a chónaíonn in Éirinn na healaíona a chruthú, dul i ngleic leo, taitneamh a bhaint astu agus a bheith páirteach iontu. Tá an ceart sin acu beag beann ar a n inscne, a gclaonadh gnéis, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n aois, a míchumas, a gcine, a mballraíocht sa lucht siúil, nó a stádas socheacnamaíoch. Tá d'aidhm ag ár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus ag an bPlean Forfheidhmithe a ghabhann leis deireadh a chur le bacainní a eisíonn ealaíontóirí, cleachtóirí, agus lucht féachana ó bheith rannpháirteach sna healaíona[8].

Meallann Taibhiú Sráide agus Seónna lucht féachana éagsúil. Mar gheall go gcuirtear gníomhaíochtaí Taibhiú Sráide agus Seónna i láthair faoin aer agus i spásanna poiblí, tá siad i riocht maith le bheith thar a bheith ionchuimsitheach agus inrochtana. Ina theannta sin, tá cleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna oiriúnach do chomhoibriú ildisciplíneach, rud a thugann raon éagsúil cleachtas ealaíonta chuige.

8 https://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/Comhionannas,-eagsulacht-agus-Ionchuimsitheacht/

Mar sin féin, tá deiseanna ann chun méadú a chur ar rannpháirtíocht i dTaibhiú Sráide agus Seónna ag ealaíontóirí agus ag lucht féachana. Mar shampla, ní i gcónaí a bhíonn spásanna poiblí inrochtana go fisiciúil agus féadfaidh sluaite móra bheith ina mbacainní do dhaoine a bhfuil deacrachtaí céadfacha acu. Is ríthábhachtach freisin é go n aithníonn cláreagrú Taibhiú Sráide agus Seónna an éagsúlacht cultúr agus gnásanna a chleachtar in Éirinn ionas go gcuirfear fáilte chuig imeachtaí roimh fhairsinge an lucht féachana in Éirinn.

Is tosaíocht ag an mbeartas seo é a mholadh go mbeidh ealaíontóirí agus cleachtóirí as gach cuid den déimeagrafaic rannpháirteach san earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna agus go mbeidh gairmeacha beatha inbhuanaithe acu san earnáil sin, agus tacú leo chun é sin a bhaint amach.

Cuimsítear na príomh-phrionsabail agus gníomhartha atá inár bplean CÉI sa bheartas seo agus déanfar gach iarracht chun na bacainní sonracha a bhíonn roimh ealaíontóirí, cleachtóirí agus lucht féachana maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu.

## Tosca comhshaoil

Leis na deicheanna de bhlianta anuas, tá téamaí comhshaoil agus cleachtais inbhuanaithe á gcomhtháthú ag an earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna ina cuid oibre trí thionscnaimh mar shampla ábhair a uaschúrsáil agus a athúsáid.

Tá an beartas seo i gcomhréir leis na tosaíochtaí i mBeartas na Comhairle Ealaíon um Ghníomhú ar son na hAeráide agus sa Phlean Forfheidhmithe[9] agus tugtar faoi deara gur tosaíochtaí iad anois, níos mó ná riamh, ábhair a chomhroinnt, modhanna léiriúcháin a chomhroinnt, agus díriú ar chamchuairteanna inbhuanaithe, go háirithe agus sinn ag iarraidh gníomhaíochtaí Taibhiú Sráide agus Seónna a mhéadú.

9 https://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/Gniomhu-ar-son-na-hAeraide/

## Na hEalaíona Idirnáisiúnta

Bíonn na healaíona faoi bhláth mar gheall ar an gcomhroinnt smaointe, nasc agus comhoibrithe thar theorainneacha náisiúnta. Tá féidearthacht ann chun suíomh Thaibhiú Sráide agus Seónna na hÉireann a neartú ar an ardán idirnáisiúnta trí shaothair a chur i láthair i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Is féidir é sin a dhéanamh trí chónaitheachtaí, bheith gníomhach i Líonraí Eorpacha, agus rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe Eorpacha.

Tá féidearthacht ag baint leis an láithreacht ar líne atá ag compántais Éireannacha a fheabhsú agus a neartú, agus compántais a spreagadh chun suíomh láidir straitéiseach idirnáisiúnta a fhorbairt freisin. Tá luach mór ag baint le níos mó feasachta a chothú agus a spreagadh, feasacht faoi na smaointe, deiseanna agus acmhainní atá ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí taobh amuigh de theorainneacha náisiúnta chun caidrimh a chothú agus acmhainn a fhorbairt san earnáil.

Réimse fócais eile sa bheartas seo é caidreamh sláintiúil trasteorann le healaíontóirí agus eagraíochtaí i dTuaisceart Éireann a éascú.



**'Banjaxed', Tumble Circus atá bunaithe i mBéal Feirste, Féile Ealaíon an Chabháin, 2022**
Grianghrafadóir: Féile Ealaíon an Chabháin

# 6. Athbhreithniú

Chomh maith leis an monatóireacht, an mheastóireacht agus na hathbhreithnithe ar scéimeanna agus ar thionscnaimh aonair atá ar bun faoi láthair, déanfar athbhreithniú eatramhach ar an mBeartas seo maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna agus tús á chur leis i lár na bliana 2025.

Beidh an Plean Forfheidhmithe seo faoi réir athbhreithnithe agus cuirfear gníomhartha breise leis de réir mar is gá. Déanfaidh grúpa oibre inmheánach monatóireacht air. Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn ag cruinnithe den Chomhairle Ealaíon ar bhonn tráthrialta.

Tuairisceoidh an Chomhairle Ealaíon ar dhul chun cinn an bheartais agus na straitéise seo ina tuarascáil bhliantúil mar aon le measúnuithe nó athbhreithnithe eile ar straitéisí corparáideacha.



**'LifeLine', Sorcas Pobail na Gaillimhe, Imchuach an Chladaigh, Cathair na Gaillimhe, 2022**
Grianghrafadóir: Emilija Jefremova

# 7. Plean Forfheidhmithe an Bheartais

Leagfar amach sa phlean seo an chaoi a bhforfheidhmeoimid ár mbeartas maidir le Taibhiú Sráide agus Seónna go straitéiseach.

Tá sé i gcomhréir le straitéis na Comhairle Ealaíon Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Plean Trí Bliana 2023-2025.[10]



**'Danse Macabre', Paráid Oíche Shamhna Mhacnais, Cathair na Gaillimhe, 2019**
Grianghrafadóir: Julia Dunin

**10** https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Main_Site/Content/About_Us/Saothar_Eala%C3%ADneIontach_a_Th%C3%A1irgeadh-Plean_Tr%C3%AD_Bliana_2023-2025.pdf



**'The Flying Train Trail,' Fidget Feet, Féile Ealaíon Sráide Idirnáisiúnta Spraoi, Tarbhealach Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge, 2021**
Grianghrafadóir: Waterford in Your Pocket

# 7.1 An tEalaíontóir

# 7.1 An tEalaíontóir

| An méid a leanfaimid orainn á dhéanamh | Na chéad rudaí eile a dhéanfaimid | Céard a bheidh bainte amach againn? |
|---|---|---|
| Pá agus coinníollacha córa a mholadh d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí as gach cuid den déimeagrafaic a oibríonn sa réimse Taibhiú Sráide agus Seónna, agus tacú leo, i gcomhréir lenár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus lenár mbeartas Luach Saothair don Ealaíontóir.<br><br>Tacaíocht straitéiseach a thabhairt d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí seanbhunaithe chun a gcleachtas a fhorbairt agus conairí a fhiosrú chun tacú le healaíontóirí gairmeacha beatha inbhuanaithe a bhaint amach, agus a bheith íoctha go cothrom as a saothar.<br><br>Tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cónaitheachta agus forbartha ealaíontóirí a thacaíonn le forbairt ealaíontóirí aonair agus saothar nua a bheith á chruthú acu.<br><br>Tacú le healaíontóirí agus iad a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i gcláir mhaoinithe agus tuairisciú. | Mapáil agus fiosrú a dhéanamh ar chonairí dul chun cinn agus tairiscintí oideachais fhoirmiúil d'ealaíontóirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí atá ag teacht chun cinn sa réimse Seónna.<br><br>Ealaíontóirí óga atá ag teacht chun cinn sa réimse Taibhiú Sráide agus Seónna a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcláir a thacaíonn leis na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga, Sparánachtaí agus Dámhachtainí Lúfaireachta.<br><br>Cleachtóirí Taibhiú Sráide agus Seónna a spreagadh le bheith rannpháirteach i Scoileanna Ildánacha mar Chomhlaigh Chruthaitheacha chun deiseanna fostaíochta a fhorbairt agus chun rannpháirtíocht i dTaibhiú Sráide agus Seónna a thabhairt chuig níos mó daoine óga ar fud na hÉireann.<br><br>Feabhas a chur ar chláir mhaoinithe chun tacú go hiomchuí le riachtanais ealaíontóirí agus compántais Taibhiú Sráide agus Seónna.<br><br>Dul chun cinn a dhéanamh sa tacaíocht atá againn i réimse dinimiciúil na n ealaíon digiteach, a bhíonn ag athrú de shíor, idir tháirgeadh agus rannpháirtíocht. | **DEISEANNA**<br>Beidh níos mó deiseanna ag ealaíontóirí a gcuid scileanna agus gairmeacha a fhorbairt, beag beann ar inscne, claonadh gnéis, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, cine, míchumas, ballraíocht den Lucht Siúil nó cúlra socheacnamaíoch.<br><br>**COINNÍOLLACHA**<br>Beidh pá agus dálaí oibre níos fearr ag ealaíontóirí in áiteanna agus spásanna sábháilte chun a gcuid saothair a chruthú agus a chur i láthair.<br><br>**AITHEANTAS**<br>Beidh tuiscint agus meas níos fearr ar ealaíontóirí agus ar ról na n ealaíon i saol na hÉireann i measc lucht déanta beartas agus an phobail trínár n abhcóideacht agus cumarsáid. |



**'Dragon' le Planete Vapuer- Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe**
Grianghrafadóir: Andrew Downes

# 7.2 Rannpháirtíocht an Phobail

# 7.2 Rannpháirtíocht an Phobail

| An méid a leanfaimid orainn á dhéanamh | Na chéad rudaí eile a dhéanfaimid | Céard a bheidh bainte amach againn? |
|---|---|---|
| Infheistíocht a dhéanamh in ealaíontóirí, na healaíona, eagraíochtaí ealaíon agus údaráis áitiúla agus tacú leo chun rochtain a fháil ar níos mó daoine.<br><br>Dearcadh ildisciplíneach a ghlacadh maidir le cuir i láthair Thaibhiú Sráide agus Seónna agus rannpháirtíocht ann, agus comhoibriú le foirne inmheánacha foirmeacha ealaíne sa Chomhairle Ealaíon.<br><br>Tacú le healaíontóirí agus cleachtóirí Thaibhiú Sráide agus Seónna chun rannpháirtíocht lucht féachana a mheas agus a mhapáil. | Cur chuige chun méadú a chur ar rannpháirtíocht i Seónna a fhiosrú agus a shainmhíniú i gcomhréir leis na tosaíochtaí foirme ealaíne le haghaidh Rannpháirtíocht sna hEalaíona agus na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar uirlisí mapála agus rianaithe lucht féachana agus iad a fheabhsú, lena chinntiú go mbeidh siad oiriúnach don earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna.<br><br>I gcomhréir lenár mBeartas Ealaíon Digiteach, tacóimid le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cur ar chumas tuilleadh daoine bheith rannpháirteach sa chleachtas ealaíne Taibhiú Sráide agus Seónna. | **FÁS**<br>Méadú intomhaiste i rannpháirtíocht an phobail sna healaíona agus feasacht an phobail ar na healaíona.<br><br>**ROCHTAIN**<br>Níos mó leanaí agus daoine óga le bheith rannpháirteach sna healaíona den chéad uair trí chláir spriocdhírithe.<br><br>**TACAÍOCHT**<br>Níos mó comhairle ar fáil in earnáil na n ealaíon chun dea-chleachtas i bhforbairt lucht féachana agus i rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn agus a fhorbairt.<br><br>**LUACH**<br>Níos mó infheistíochta agus aitheantas do luach an tsaothair a dhéanann leanaí agus daoine óga agus don obair a dhéantar dóibh. |

# 7.3 Straitéis Infheistíochta



**‘Dragon’ le Hannes Jung, Féile Sorcais Náisiúnta na hÉireann, Trá Lí, Co. Chiarraí, 2019**
Grianghrafadóir: Paul Woods

# 7.3 Straitéis Infheistíochta

| An méid a leanfaimid orainn á dhéanamh | Na chéad rudaí eile a dhéanfaimid | Céard a bheidh bainte amach againn? |
|---|---|---|
| Infheistíocht a dhéanamh i sonraí faoi lucht féachana a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun tuiscint níos fearr a bhaint as méid agus déimeagrafaic an lucht féachana do Thaibhiú Sráide agus Seónna.<br><br>Ár dtaighde agus saineolas ar an tomhas a úsáid chun foghlaim nua agus tionchair a aithint, a choimisiúnú, a thuiscint agus a chur in iúl.<br><br>Ár gcláir mhaoinithe, ár dteanga agus ár bpróisis agus nósanna imeachta tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ár seirbhísí don earnáil Taibhiú Sráide agus Seónna. | Straitéis Infheistíochta faoi threoir sonraí maidir le lucht féachana a fhorbairt le haghaidh Taibhiú Sráide agus Seónna.<br><br>Tosaíocht a thabhairt do thacaíochtaí maoinithe le haghaidh cónaitheachtaí, intéirneachtaí agus tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó mheantóirí trí eagraíochtaí agus féilte seanbhunaithe chun an tallann atá ag teacht chun cinn a ardú agus a chothú agus chun saothar taibhithe nua a spreagadh.<br><br>Scéimeanna agus treoirlínte maoinithe nua a thabhairt cothrom le dáta lena chinntiú go bhfuil tosaíochtaí ár mbeartais á mbaint amach againn maidir le tacú le saothar den scoth trí phróisis iarratais, mheasúnaithe agus chinnteoireachta níos éasca. | **INROCHTAINEACHT**<br>Beidh sé níos éasca ar iarratasóirí iarratas a chur isteach ar mhaoiniú agus tuairisciú ar a saothar.<br><br>**FÁILTE**<br>Áitreabh nua inrochtana dóibh siúd ar fad a bhíonn ag plé leis an gComhairle Ealaíon.<br><br>**SOLÚBTHACHT**<br>Solúbthacht fheabhsaithe maidir leis an mbealach a ndéanaimid infheistíocht sna healaíona agus i rannpháirtíocht an phobail sna healaíona.<br><br>**AITHEANTAS**<br>Sonraí foilsithe agus insintí a léiríonn an luach ar leith a bhaineann le hinfheistíocht sna healaíona. |



**‘Prometheus’, Tionscadal Sorcais Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Cathair Bhaile Átha Cliath, 2015**
Grianghrafadóir Léo Pinheiro

# 7.4 Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

# 7.4 Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach



| An méid a leanfaimid orainn á dhéanamh | Na chéad rudaí eile a dhéanfaimid | Céard a bheidh bainte amach againn? |
|---|---|---|
| Oibriú le heagraíochtaí, Údaráis Áitiúla, Ionaid Ealaíon agus páirtithe leasmhara réigiúnacha chun tacú le healaíontóirí agus compántais Taibhiú Sráide agus Seónna ar fud na tíre.<br><br>Tacú le Taibhiú Sráide agus Seónna inrochtana agus ardchaighdeáin a chur ar fáil do lucht féachana ar fud na hÉireann i gcomhréir leis na straitéisí agus beartais Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh agus Daoine, Áit agus Spás. | Caidreamh le hÚdaráis Áitiúla a fhorbairt:<br><br>• Seimineár bliantúil faoi Thaibhiú Sráide agus Seónna a thabhairt isteach in Údaráis Áitiúla.<br>• A mholadh go ndéanfaí saoráidí oiliúna agus cruthaithe iomchuí agus suíomhanna taibhithe iomchuí a chur ar fáil agus a fhorbairt i limistéir réigiúnacha.<br>• Tacú le saothar cláreagraithe a fhógairt agus a chur chun cinn go hiomchuí chun lucht féachana oiriúnach a aimsiú.<br>• Léirithe Thaibhiú Sráide agus Seónna a éascú trí cheadúnais iomchuí agus tacaíocht shibhialta (dúnadh sráideanna, mar shampla) a chur ar fáil.<br><br>Tosaíocht a thabhairt do thionscadail a léiríonn comhréireacht leis an mbeartas Daoine, Áit agus Spás agus a chuimsíonn an tír uile, lena n áirítear gníomhaíochtaí camchuairte inbhuanaithe.<br><br>Ár n eolas agus ár saineolas maidir le sonraí spásúla agus déimeagrafacha a roinnt lenár gcomhpháirtithe. | **COTHROMAS**<br>Beidh dáileadh spásúil ár maoinithe fud fad na tíre cóir cothrom.<br><br>**EOLAS**<br>Forbrófar acmhainn náisiúnta inrochtana do shaineolas spásúil agus déimeagrafach sna healaíona.<br><br>**COMHOIBRIÚ**<br>Beidh caidrimh níos láidre ann lenár gcomhpháirtithe rialachais, straitéise agus cur i bhfeidhm san earnáil phoiblí.<br><br>**SPÁSANNA**<br>Forbrófar spásanna bonneagair níos fearr d'ealaíontóirí i gcomhpháirtíocht leis an rialtas, leis an rialtas áitiúil agus le páirtithe leasmhara. |

# 7.5 Acmhainn a Fhorbairt




**'A Snail's Tale' le Dunn Create, Féile Ealaíon Sráide Idirnáisiúnta Spraoi, Cathair Phort Láirge**
Grianghrafadóir: Michael Duggan

# 7.5 Acmhainn a Fhorbairt

| An méid a leanfaimid orainn á dhéanamh | Na chéad rudaí eile a dhéanfaimid | Céard a bheidh bainte amach againn? |
|---|---|---|
| Tacaíocht agus próifíl níos airde a thabhairt don fhoirm ealaíne Taibhiú Sráide agus Seónna agus leanúint d'fhoirm ealaíne ghairmiúil agus aitheanta a dhéanamh díobh.<br><br>Forbairt inbhuanaithe ar an earnáil a chinntiú agus earnáil láidir agus athléimneach ina bhfuil bainistiú gnó, rialachas agus cleachtais ghairmiúla den scoth a dhéanamh di.<br><br>Tacú le forbairt ar acmhainn léiritheoirí san earnáil Taibhithe Sráide agus Seónna trí thosaíocht a thabhairt dó sin inár gcláir mhaoinithe.<br><br>Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, comhchruthú agus comhroinnt eolais a spreagadh trínár gcláir mhaoinithe agus i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann Ealaíon Idirnáisiúnta. | Na foirmeacha ealaíne 'Ealaíona Sráide' agus 'Seónna' a athainmniú mar 'Taibhiú Sráide agus Seónna'. Cuirfidh sé sin laghdú ar an mearbhall atá ann idir iad agus an réimse cleachtais seanbhunaithe 'Ealaín Sráide' (is é sin, ealaín mhúrphictiúir, graifítí), ar foirm ealaíne í atá luachmhar inti féin do lucht féachana na hÉireann agus a bhfuil ról suntasach aici i saol na hÉireann agus san Ealaín don Phobal.<br><br>Caidreamh a dhéanamh le hIonaid Ealaíon réigiúnacha chun cur leis an bhfeasacht faoin gcleachtas Taibhiú Sráide agus Seónna in Éirinn agus faoin bhféidearthacht do chomhoibriú idir Ionaid Ealaíon agus ealaíontóirí agus eagraíochtaí Taibhiú Sráide agus Seónna, lena n áirítear gníomhaíochtaí rannpháirtíochta.<br><br>Tacú le riachtanais agus cúiseanna imní na n ealaíontóirí, an chleachtais ealaíon agus na n eagraíochtaí chun oibriú le chéile le spriocanna aeráide an Rialtais a bhaint amach trínár mbeartas Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.<br><br>Oibriú le daoine eile chun ár dtuiscint a mhéadú faoi conas dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna amach anseo i gcomhthéacsanna aeráide, digiteacha agus déimeagrafacha. | **ÉASCAÍOCHT**<br>Próisis iarratais níos éasca ar mhaoiniú agus ar thuairisciú.<br><br>**MUINÍN**<br>Muinín na hearnála ealaíon ina cumas chun oiriúnú agus athnuachan a dhéanamh.<br><br>**FREAGRÚLACHT**<br>Réitigh straitéiseacha agus thráthúla ar athruithe seachtracha agus deiseanna chun tacú leis an earnáil ealaíon.<br><br>**FEASACHT**<br>Níos mó infheictheachta do na healaíona agus tuiscint níos fearr ar a luach sainiúil agus ar an tábhacht a bhaineann leo.<br><br>**CAIDRIMH**<br>Comhpháirtíochtaí atreisithe agus comhghuaillíochtaí idir na healaíona agus an tsochaí i gcoitinne. |

# Buíochas

Vijaya Bateson - *Artastic*
Mandy Blinco - *LUXE*
Aoife Carey - *Twisted Lane*
Mark Carey - *Twisted Lane*
Niamh Colbert - *Spraoi*
Guillaume Cousson - *Rogu/Riuchi*
Miriam Dunne - *Producer*
Ken Fanning - *Tumble Circus*
Patrick Fox - *Chief Executive*
Kath Gorman - *Promenade*
Mark Hill - *LUXE*
T.V. Honan - *Spraoi*
Con Horgan - *Fanzini Productions*
Catherine Ireton - *Independant Contributer*
Noeline Kavanagh - Independent Artistic Director for Spectacle, Theatre and Film
Angus MacKechnie - *Director Outdoor Arts UK*
Kim McCafferty - *Cavan Arts Festival*
Elaine McCague - *Looseysmokes*
Chantal McCormick - *Fidget Feet*
Anna McGowan - *Deputy CEO St. Patrick's Festival*
Lucy Medlycott - *Director, Irish Street Arts, Circus and Spectacle Network*
Colm O'Grady - *Director Ouch Productions*
Gavin O'Connor - *Arts Development Officer and Designated Safeguarding Officer at The Arts Council of Northern Ireland*
Kevin O'Neill - *Inishowen Carnival Group*
Johnny Phelan - *Street Theatre Ireland*
Stéphane Segreto-Aguilar - *Head of International Development Circostrada Network*
Tina Serger - *Tumble Circus*

The Arts Council
70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

**artscouncil.ie**
facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie

T +353 1 618 0200
F +353 1 676 1302
Callsave 1850 392492

**Íomhá an Chlúdaigh**
**'Strange Fruit' - Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe**
Grianghrafadóir: Joe O'Shaughnessy

Published by The Arts Council | An Chomhairle Ealaíon, 2024